



Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair Teo

Oifigeach Pleanála Teanga

Tá post mar Oifigeach Pleanála Teanga á thairiscint ag Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair CTR.

Is é Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair CTR. i gcomhar le Meitheal Pleanála Teanga an Iarthuaiscirt (MPTIT) atá freagrach as an phlean teanga do LPT Ghaoth Dobhair, Rann na Feirste, Anagaire & Loch an Iúir a chur i bhfeidhm. Ullmhaíodh an plean mar chuid den phróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht agus i gcomhréir le forálacha Acht na Gaeltachta, 2012. Is plean seacht mbliana atá i gceist a bhfuil d'aidhm aige cur leis an líon cainteoirí laethúla Gaeilge san LPT. Is ar an Oifigeach Pleanála Teanga a bheidh an phríomhfhreagracht an plean a chur i bhfeidhm.

Is post ar chonradh trí bliana atá á thairiscint agus d'fhéadfadh cur leis an tréimhse sin. Beidh an té a cheapfar freagrach as cur i bhfeidhm bearta an phlean teanga. Beidh an té a cheapfar fostaithe ag Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair CTR. agus freagrach don Cheanneagraíocht maidir le clár oibre aontaithe a fheidhmiú.

Duine cumasach a bhfuil taithí agus cáilíochtaí aige/aici i réimse oibre na pleanála teanga nó in ábhar gaolmhar atá á lorg.

Fáilteofar roimh iarratais ó dhaoine leis an taithí agus na cáilíochtaí seo a leanas:

- Ardchaighdeán Gaeilge, idir labhartha agus scríofa.
- Cáilíocht ábhartha tríú leibhéal sa réimse pleanála teanga nó in ábhar gaolmhar.
- Tuiscint agus taithí mhaith ar chúrsaí pleanála teanga, ar fhorbairt pobail agus i bplé le coistí/struchtúir phobail.
- Taithí i mbainistiú agus i gcur i gcrích tionscadal.
- Scileanna maithe cumarsáide, áisitheoireachta, comhordaithe agus idirphearsanta.
- Taithí i mbainistiú foireann oibre
- Eolas agus taithí ar bhainistiú airgeadais

Beidh an duine a cheapfar lonnaithe in oifigí Chomharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair CTR.

Beidh 37 uair oibre sa tseachtain i gceist le cúraimí an phoist seo agus beidh freastal ar chruinnithe taobh amuigh de ghnáth uaireanta oibre mar chuid de na cúraimí sin. Beidh taisteal i gceist leis an phost, mar sin ní mór d'iarratasóirí ceadúnas tiomána oiriúnach a bheith acu.

Tá scála tuarastail ó €35,000 go €50,000 ag gabháil leis an phost.

Moltar do iarrthóirí sonraí poist a lorg roimh iarratas a dhéanamh.

Tá an plean teanga don LPT le fáil ar shuíomh gréasáin MPTIT ag www.mptiarthuaiscirt.ie agus tá na sonraí poist a théann leis an phost le fáil ach teagmháil a dhéanamh le bainisteoir an Chomharchumainn.

Seoltar iarratas mar aon le Curriculum Vitae, roimh 6 Iúil chuig: **An Bainisteoir**, Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair CTR., Doirí Beaga, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall. Teil: 074 9532208 Ríomhphost: cfgd@eircom.net

